

Cathair na Gaillimhe | Galway City

Plean Forbartha Cinn Scríbe agus Eispéiris Chathair
Destination and Experience Development Plan

2025-2030



Clár ábhar

Achoimre Fheidhmeach 1

Cad atá á dtabhairt faoi ag an bPlean 2

Creat 3

Piléir Straitéiseacha 4

Tionscadail Chatalaíocha Cinn Scríbe 7

Cumasóirí Cinn Scríbe 9

Fís 2034 10

Spriocanna..... 11

Plean Gníomhaíochta

- Tionscadal Chatalaíocha 13

- Tionscadal Cumasóirí 24

Ár gComhpháirtithe 36

Foireann Shlí An Atlantaigh Fhiáin

- Miriam Kennedy,

Ceann Shlí an Atlantaigh Fhiáin

miriam.kennedy@failteireland.ie
- Margaret Jenkins

Bainisteoir, Slí an Atlantaigh Fhiáin

margaret.jenkins@failteireland.ie
- Letitia Wade

Oifigeach, Slí an Atlantaigh Fhiáin

letitia.wade@failteireland.ie
- Agnes O'Donnell

Tacaíocht Tionscadail, Slí an Atlantaigh Fhiáin

agnes.odonnell@failteireland.ie

Fáilte Ireland

Scan an cód QR le rochtain a fháil ar an doiciméad iomlán ar líne



Achoimre Fheidhmeach

Is éard atá i bPlean Forbartha Cinn Scríbe & Eispéiris (PFCSE) Chathair na Gaillimhe ná plean forbartha turasóireachta inbhuanaithe cúig bliana do Chathair na Gaillimhe agus Bóthar na Trá (an ‘ceann scríbe’). Is cur chuige ilpháirtithe leasmhara é chun borradh a chur faoi luach eacnamaíoch na turasóireachta agus chun fad na cuairte sa chathair a mhéadú.

Le PFCSE Chathair na Gaillimhe, cuimsítear tionscadail turasóireachta atá ann cheana agus sainaithnítear deiseanna nua le fiosrú an tráth céanna, rud a chinntíonn go gcuirtear gach gníomhaíocht forbartha

cinn scríbe i gcích ar bhealach comhleanúnach. Cuimsítear leis sin tionscadail atá faoi lán seoil faoi láthair, tionscadail atá i bpleananna atá ann cheana agus tionscnaimh atá ceaptha chun cuairteoirí a scaipeadh ar fud na cathrach.

Aithnítear le cur chuige an phlean na naisc thábhachtacha turasóireachta idir eispéiris cathrach agus contae na Gaillimhe agus oibreoidh sé i gcomhar le PFCSEna réigiúnacha eile. Cuimsítear leo sin PFCSEna Chósta Chonamara & na nOileán Árann, PFCSE Bhoirne, agus PFCSEna a fhorbrófar thar thréimhse an phlean seo.

Cad atá á dtabhairt faoi ag an bPlean

Dúshlán le Dul i nGleic Leo

- Líon teoranta eispéireas indíolta lae agus líon teoranta gníomhaíochtaí faoi dhíon /‘lá fliuch’ sa chathair.
- Borradh a chur faoi luach an gheilleagair turasóireachta lae do ghnólachtaí na cathrach.
- Sreabhadh cuairteoirí lasmuigh de limistéar chroílár na cathrach nach scaipeann luach na turasóireachta ar fud na cathrach.
- Comhsheasmhacht sa chaoi a gcuirtear an chathair i láthair don chuairteoir a chinntiú agus aghaidh a thabhairt ar dhearóiliú láir uirbigh.
- Easpa mothaithe sroichte agus fáilte cinn scríbe ag moil iompair.
- Struchtúir tacaíochta féilte inbhuanaithe agus rochtain ar ionaid bhuana a chuireann le próifíl na cathrach mar chathair féilte agus imeachtaí idirnáisiúnta.
- Réimse nithe spreagúla is díol spéise do chuairteoirí chun cuairteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta a mhealladh.
- Bainistiú tráchta a chuireann isteach ar dhea-cháil an chinn scríbe.
- Rochtain theoranta ar ghníomhaíochtaí uisce agus ‘ar uisce’.
- Béim nua fiontair a fhorbairt ar Ghníomhaíochtaí Uirbeacha Glasa agus Gorma bunaithe sa chathair, e.g. gnólachtaí turasóireachta a dhíríonn ar eispéiris uisce a chothú.
- Infheistíocht i lóistín nua agus i mbonneagar rithábhachtach gaolmhar a mhealladh, e.g. fónais, fuíolluisce, etc.
- An gá atá le cothromaíocht a aimsiú idir cuspóirí comshaoil agus eispéiris nua a chruthú do chuairteoirí agus ionchais cuairteoirí a shásamh i gcomhthéacs cleachtais turasóireachta inbhuanaithe.
- Láithreach dhigiteach tionscail agus comhsheasmhacht cinn scríbe maidir le seachadadh cumarsáidí ar líne.
- Inrochtaineacht agus infheictheacht seirbhísí eolais do thurasóirí i lár na cathrach.



Abhainn na Coiribe ag féachaint i dtreo an Taobh Thiar

Creat

FÍS: Is í Gaillimh croílár an Iarthair - áit a gcruthaíonn an mheallacht chósta, beocht chultúrtha, agus nasc domhain leis an dúlra agus leis an oidhreacht cathair a chasann a port féin.

COLÚIN FORBARTHA STRAITÉISEACHA	TIONSCADAIL CHATALAÍOCHA CINN SCRÍBE		TIONSCADAIL CHUMASAITHE CINN SCRÍBE		TORTHAÍ	
 Eispéiris Lae Do Chuairteoirí	 Músaem Cathrach Na Gaillimhe & Nithe Is Díol Spéise Sa Chathair	 Cathair Dhátheangach	 Treibheanna Na Gaillimhe – Eispéiris Indíolta	 Lóistín	 Eispéiris Nua Lae Agus Tráthnóna Do Chuairteoirí	 Eispéireas Cathrach Dátheangaí
 Cathair, Sráidbhaile & Comharsanachtaí	 Comharsanachtaí Bríomhara Na Gaillimhe	 Féilte & Imeachtaí	 Tionscal Turasóireachta & Forbairt Lionraí	 Comhar PFCSE Réigiúnach	 Eispéireas Mhúsaem Cathrach Na Gaillimhe	 Struchtúir Féilte Agus Imeachtaí
 Gaillimh, Cathair Na Dtreibheanna: Cultúr, Féilte & Imeachtaí	 Treoshuíomh Cinn Scríbe Do Chuairteoirí	 Ionad Cultúrtha / Croílár Ealaíon	 Ceann Scríbe Bia Na Gaillimhe	 Imeachtaí Gnó	 Comharsanachtaí Chathair Na Gaillimhe	 Ceann Scríbe Bia Idirnáisiúnta
 Uiscí An Atlantaigh & Na Gaillimhe	 Margadh/ Halla Bia	 Eispéireas Uiscí Na Gaillimhe	 Gníomhaíochtaí Uirbeacha Glasa Agus Gorma	 Turasóireacht Inbhuanaithe	 Eispéiris Gníomhaíochtaí Talún & Uisce Faoin Aer	 Forbairt Turasóireachta Inbhuanaithe

Piléir Straitéiseacha

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo agus chun luach na turasóireachta ar feadh na bliana a mhéadú i gCathair na Gaillimhe, aithníodh ceithre cholún forbartha straitéisí.




Forbairt a dhéanamh ar Eispéiris Lae do Chuairteoirí:

- Leas a bhaint as an infheistíocht mhórsála i Músaem na Gaillimhe agus deiseanna a scrúdú d’eispéiris nua do chuairteoirí taobh istigh agus taobh amuigh i rith an lae.




Cathair, Sráidbhaile agus Comharsanachtaí a nascadh lena chéile:

- Cuairteoirí a scaipeadh ar fud na cathrach, ach an Chathair, Sráidbhaile Bhóthar na Trá agus Comharsanachtaí na Gaillimhe a nascadh, ag tógáil ar uathúlacht phobail na Gaillimhe agus Comharsanachtaí na Cathrach mar chuid d’eispéiris na cathrach



Gaillimh, Cathair na dTreibheanna: Cultúr, Féilte agus Imeachtaí:

- Líon na n-eispéiris do chuairteoirí a mhéadú agus glacadh leis an téama Cathair na dTreibheanna, an Chultúir agus an Chruthaitheacht chun difríocht a dhéanamh d’eispéireas chuairteoirí na Gaillimhe agus tógáil ar oidhreacht Phríomhchathair an Chultúir.



Uiscí an Atlantaigh agus na Gaillimhe:

- Tógáil ar oidhreacht na Gaillimhe mar chathair mhuirí chun deiseanna a chruthú don chuairteoir tíl a bheith páirteach lenár n-uiscí Atlantacha agus na Gaillimhe.



Bothar na Trá, Co. na Gaillimhe



An Balla Fada, An Cladaigh, Cathair na Gaillimhe

Tionscadail Chatalaíocha Cinn Scríbe

1. Músaem Cathrach na Gaillimhe agus Nithe is Díol Spéise sa Chathair

Infheistíocht i Músaem Cathrach na Gaillimhe a uasmhéadú ionas go mbeidh sé ina ní tábhachtach is díol spéise don Ghaillimh.



2. Comharsanachtaí Bríomhara na Gaillimhe

Cumaís líonraí turasóireachta Chathair na Gaillimhe a fhorbairt chun a chur le huathúlacht agus carachtar na gcomharsanachtaí chun eispéiris cathrach uathúla lae agus tráthnóna a chur ar fáil.



3. Treoshuíomh Cinn Scríbe do Chuaiteoirí

Cur chuige a fhorbairt don cheann scríbe ar fad maidir le treoshuíomh do chuaiteoirí lena spreagtar cuairteoirí chun comharsanachtaí cathrach agus nithe is díol spéise sa chathair a thaiscéaladh agus chun tairbhí eacnamaíocha na turasóireachta a scaipeadh ar fud na cathrach.



4. Margadh Bia/ Halla Bia

Margadh bia faoi dhíon a fhorbairt i gCathair na Gaillimhe chun cur lena cáil mar cheann scríbe bia idirnáisiúnta.

Tionscadail Chatalaíocha Cinn Scríbe

5. Cathair Dhátheangach

Borradh a chur faoi inmhathanacht na Gaeilge mar chuid d'eispéireas cuairteoirí ar Chathair na Gaillimhe agus uathúlacht stádas na Cathrach Dátheangaí a shaothrú.



6. Féilte agus Imeachtaí

Cathair na Gaillimhe a bhunú mar mhol Féilte agus Imeachtaí na hÉireann arna thacú ag na hacmhainní agus an bonneagar is gá chun clársceidealú ó cheann ceann na bliana a choimeád ag imeacht.



7. Ionad Cultúrtha / Croílár Ealaíon

Measúnú roghanna suímh agus anailís indéantachta a dhéanamh chun ionad Ealaíon agus Cultúir Cathrach na Gaillimhe a fhorbairt.



8. Eispéireas Uiscí na Gaillimhe

Cur chuige comhordaithe a chur ar fáil chun eispéiris agus taitneamhachtaí uisce na Gaillimhe a fheabhsú agus a fhorbairt.



Cumasóirí Cinn Scríbe

1. Scéalta & Eispéiris Indíolta Chathair na dTreibheanna

An líon eispéireas indíolta atá ar fáil do chuiditheoirí ar fud na cathrach a mhéadú chun borradh a chur faoi luach an gheilleagair turasóireachta lae agus tráthnóna do Chathair na Gaillimhe.

2. Tionscal Turasóireachta & Forbairt Líonraí

Cumais agus scileanna an tionscail turasóireachta a fhorbairt i réimsí an ghlaclaigh ardán digiteach, forbartha eispéireas indíolta, forbartha braislí agus forbartha líonraí.

3. Ceann Scríbe Bia na Gaillimhe

Leas a bhaint as cáil agus próifíl na Gaillimhe maidir le bia agus aitheantas a fháil mar cheann scríbe náisiúnta don bhia sa turasóireacht a dtugtar beocht dó le heispéiris iontacha bia.

4. Gníomhaíochtaí Uirbeacha Glasa agus Gorma

Próifíl eispéireas gníomhaíochtaí uirbeacha faoin aer na Gaillimhe a fhorbairt trí infheistíocht a uasmhéadú in Ardán Fáis 2 - Ionaíd Áiseanna do Ghníomhaíochtaí Spóirt Uisce agus in Abhainn na Gaillimhe Thír Oileáin - Áiseanna Abhann, an Glasbhealach agus Gormbhealach Chathair na Gaillimhe.

5. Lóistín

Oibriú leis an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach chun borradh a chur faoin stoc lóistín ar fud Chathair na Gaillimhe chun a ról mar mhol don cheann scríbe contae agus réigiúnach níos leithne a fheabhsú.

6. Comhar PFCSE Réigiúnach

Cur chuige comhsheasmhach a chinntiú idir gach PFCSE agus maidir leis an gcaoi a dtéann siad i bhfeidhm ar eispéireas an chuiditheora. Le comhar PFCSE réigiúnach, díreofar ar luach na turasóireachta agus ról Chathair na Gaillimhe a mhéadú mar phointe rochtana ar chinn scríbe in aice láimhe.

7. Turasóireacht Gnó

Leanúint den tóir atá ar Chathair na Gaillimhe mar cheann scríbe gnó a fhorbairt, agus oibriú i gcomhpháirtíocht leis an tionscal áitiúil agus le Galway Convention Bureau.

8. Turasóireacht Inbhuanaithe

Cur chuige comhchoiteann cinn scríbe a fhorbairt i leith turasóireacht inbhuanaithe agus a chinntiú go gcosnaímid carachtar speisialta oidhreacht nádúrtha uirbeach Chathair na Gaillimhe.




Fís 2034

Cathair atá muinín aistí féin, tá idir áilleacht nádúrtha an Atlantaigh agus atmaisféar carnabhail i gceist le Gaillimh, rud a fhágann gur eachtra é gach cuairt. Idir a sráideanna doirneogacha agus a comharsanachtaí bríomhara, is féidir le cuairteoirí páirt a ghlacadh san iliomad eispéireas faoin aer agus faoi dhíon agus a bheith páirteach i gcruthaitheacht, in áilleacht ildaite agus eachtraí ionúine na Gaillimhe.

Féilte lena ndéantar ceol, ealaín, cultúr agus bia a cheiliúradh, tugtar muintir na háite agus cuairteoirí le chéile in áit ina bhfuil spiorad boihéamach agus meallacht cósta i dteannta a chéile. Tá Gaillimh lántiomanta freisin don chomhshaol nádúrtha a chosaint agus a fheabhsú, agus glacann sí go fonnmhar leis an éiceathurasóireacht, le cleachtais inbhuanaithe agus le tionscnaimh lena gcruthaítear glantairbhí dearfacha don dúlra agus do phobail áitiúla araon.

I nGaillimh, tá na seantraidisiúin agus an eolaíocht agus an teicneolaíocht nua-aimseartha fite fuaite le chéile, lena gcruthaítear fuinneamh atá de shíor ag forbairt agus a bhfuil cion ag cuairteoirí air. Is gné lárnach é an t-uisce fós den chaoi a mhaireann an chathair seo, idir Abhainn na Gaillimhe agus Chuan na Gaillimhe agus na canálacha eatarthu, rud a insíonn scéal ár staire ceannaithe agus ár dtodhchaí muirí.

Déanann muintir na Gaillimhe a féiniúlacht dhátheangach a chomhroinnt go bródúil, agus téann cuairteoirí abhaile agus an cúpla focal acu agus tuiscint acu ar an nGaeilge mar theanga bheo. Ní taobh le bheith ina cathair í Gaillimh; is croílár an Iarthair í.



Blackrock Diving Tower, Bóthar na Trá

Spriocanna

- Leibhéil mhéadaithe cuairteoirí scaipthe ar fud na cathrach.
- Borradh faoin líon eispéireas lae agus tráthnóna do chuairteoirí.
- Infheistíocht i nithe is díol spéise agus gníomhaíochtaí do chuairteoirí lena gcuirfear borradh faoi thóir ar an gceann scríbe le haghaidh margai idirnáisiúnta agus náisiúnta.
- Líonraí gníomhacha turasóireachta lena gcuirfear borradh faoi phróifíl agus faoin tóir atá ar chomharsanachtaí Chathair na Gaillimhe.
- Borradh ar bhonn gníomhaíochtaí na cathrach chun an tóir atá ar an margadh teaghlach a neartú.
- Ardú céime dá stádas mar Chathair Dhátheangach agus mar phointe idirdhealaithe in eispéireas cuairteoirí ar an nGaillimh.
- Forbairt na struchtúr chun tacú le féilire bharántúil féilte agus imeachtaí agus í a chothú.
- Cathair na Gaillimhe mar cheann scríbe bia cáiliúil le haghaidh eispéiris uirbeacha bia atá nádúrtha agus a sholáthraítear go háitiúil.
- Cur chuige comhaontaithe maidir le forbairt inbhuanaithe turasóireachta a gcuireann ár gcuairteoirí, an tionscal turasóireachta agus an pobal áitiúil fáilte roimpi.



Féile Ealaíon Idirnáisiúnta na Gaillimhe

Plean Gníomhaíochta

Músaem Cathrach na Gaillimhe

Plean Gníomhaíochta

Tionscadal Catalaíoch 1 - Músaem Cathrach na Gaillimhe & Nithe is Díol Spéise sa Chathair

	Tionscadal	Gníomhaíocht	Am	Ceann	Comhpháirtithe
1.1	Músaem Cathrach na Gaillimhe	Eispéireas den chéad scoth a chur ar fáil do chuairoteoirí ar bhealach inbhuanaithe ag Músaem Cathrach na Gaillimhe chun an infheistíocht mhór sa mhúsaem atá ann cheana agus i dTeach an Chomartúnaigh in aice láimhe a uasmhéadú, eispéireas an Phóirse Chaoch agus siúlán barrbhalla, agus tógáil foirgnimh nua trí stór comhtheagmhálach le Teach an Chomartúnaigh, agus suíomh seandálaíochta an Mhuirgheata á chuimsiú leis.	2027/2029+	MCG	FI, CCG
1.2	Músaem Cathrach na Gaillimh agus an ríocht phoiblí - suíomhanna clúiteacha na Gaillimhe	Eispéireas clúiteach a chur ar fáil do chuairoteoirí ag Músaem Cathrach na Gaillimhe trí scéalta, oidhreacht agus ‘treibheanna’ na Gaillimhe a chur i láthair don chuairoteoir.	2027/2029+	FI	CCG
1.3	Eispéiris Inaitheanta Cuairteora	Anailís a dhéanamh ar an deis atá ann don Ghaillimh nithe inaitheanta is díol spéise do chuairoteoirí a fhorbairt do lár na cathrach atá nasctha le téamaí an chultúir, na cruthaitheachta agus na heolaíochta. Cuimseofar leis sin anailís coincheapa agus indéantachta ar shuíomhanna féideartha agus roghanna amach anseo le breithniú, e.g. eispéireas cuairteora ar Macnas i gCathair na Gaillimhe.	2027/2028	CCG	FI
1.4	Eispéireas Cuairteora ar Ollscoil na Gaillimhe	Anailís indéantachta a dhéanamh maidir le heispéireas cuairteora ar phríomhchampas Ollscoil na Gaillimhe a fhorbairt chun a chinntiú gur cuid lárnach d’eispéireas cuairteora ar Chathair na Gaillimhe é an campas. Measúnú a dhéanamh ar acmhainn na dtaispeántas atá ann cheana agus músaeim rannóige na hollscoile chun eispéiris nua cuairteora ar an gcampas a chruthú.	2026/2027	FI, OG	



Ollscoil na Gaillimhe

Action Plan Plean Gníomhaíochta

Tionscadal Catalaíoch 2 - Comharsanachtaí Bríomhara na Gaillimhe

	Tionscadal	Gníomhaíocht	Am	Ceann	Comhpháirtithe
2.1	Comharsanachtaí Bríomhara na Gaillimhe	Tacú le pobail gnó na gcomharsanachtaí chun a n-acmhainn iomlán turasóireachta a bhaint amach. Cuimseofar leis sin an Fhaiche Mhór, an Ceann Thiar, an Ceathrú Laidineach, Ceantar na nDugaí, Barr an Chalaídh agus Bóthar na Trá.	2026/2027	FI	LCG, CCG
2.1a	Treibheanna na Gaillimhe - Sráideanna agus Lánaí	Athbhreithniú a dhéanamh ar na riachtanais chun tionscadal Threibheanna na Gaillimhe / Cathrach Beo a fhorbairt ar na sráideanna agus ar na lánaí chun béim a leagan ar charachtair na gcomharsanachtaí áitiúla agus ar charachtar na ndaoine atá ina gcónaí i gCathair na Gaillimhe. Ba cheart do na comharsanachtaí uile agus an tionscal turasóireachta fáilte mhór a chuir roimh scéal Chathair na dTreibheanna go fonnmhar chun beocht a chur ar ais sna scéalta.	2026/2027	EP	LCG, CCG, GTGA, FI
2.1b	Nuálaíocht Tráthnóna	An deis atá ann don tráthnóna a fhorbairt trí eispéiris shainiúla tráthnóna sna comharsanachtaí a fhorbairt chun borradh a chur faoi chlár gníomhaíochta tráthnóna cathrach trí thacú leis an Oifigeach Geilleagair Oíche.	2026/2027	OGO, EGO	FI, EP, LCG
2.1c	Tráthnóna agus Ionaid	An deis atá ann chun clár taibhithe tráthnóna a fhorbairt in ionaid agus i suíomhanna clúiteacha na Gaillimhe mar chuid den fhorbairt ar gheilleagar an tráthnóna atá nasctha le próifíl cultúir agus cruthaitheachta na Gaillimhe.	2026/2027	OGO, EGO	FI, EP, LCG
2.1d	Feabhsú áite	Measúnú a dhéanamh ar na riachtanais chun cuma foirgneamh lár na cathrach agus athbheochan suíomhanna a chuireann le mothú beochta a fheabhsú ar fud na gcomharsanachtaí éagsúla i nGaillimh.	2025-2028	CCG	LCG
2.1e	Bia faoin aer	Athbhreithniú a dhéanamh ar na deiseanna atá ann faoi láthair maidir le bia faoin aer sa chathair agus athbhreithniú a dhéanamh ar na beartais atá ann faoi láthair chun deiseanna nua a shainaithint trí thionscnamh Chomharsanachtaí na Gaillimhe chun an tóir atá ar Ghaillimh mar cheann scríbe itheacháin agus bia a neartú.	2026/2027	CCG	LCG
2.2	Treoshuíomh ón gCathair chuig Bóthar na Trá	Treoshuíomh agus eispéireas cuairteora ón gCathair chuig Bóthar na Trá a fheabhsú chun líon méadaithe daoine a mhealladh ón gCathair chuig Bóthar na Trá.	2026/2027	CCG	

Tionscadal Catalaíoch 2 - Comharsanachtaí Bríomhara na Gaillimhe

	Tionscadal	Gníomhaíocht	Am	Ceann	Comhpháirtithe
2.3	Athghiniúint Uirbeach Bharr an Chalaídh	Na tionscadail a mbeidh tionchar dearfach acu ar eispéireas an chuairteora ar Ghaillimh a chur i gcrích trí infheistiú in Athghiniúint Uirbeach Bharr an Chalaídh agus Ardán Fáis 2 - Scéim na nIonad Áiseanna do Ghníomhaíochtaí Spóirt Uisce. Cuimseofar leis sin rochtain ar BusConnects, Plás Bharr an Chalaídh, Gormbhealach, Glasbhealach, Ardán Fáis 2 - Ionaid Áiseanna do Ghníomhaíochtaí Spóirt Uisce, campas na hOllscoile, Oileán Altanach.	2026-2030+	CCG	
2.4	Athghiniúint Uirbeach Chnoc San Aibhistín	Na deiseanna eispéiris cuairteora agus feabhsaithe cinn scríbe don turasóireacht, cultúr agus bia a scrúdú mar chuid d’aon athghiniúint uirbeach ar limistéar Chnoc San Aibhistín amach anseo agus an chaoi a bhféadfaidh sé cur le forbairt Chathair na Gaillimhe mar cheann scríbe turasóireachta a shainaithint. Cuimseofar leis sin scrúdú ar shaoráidí taitneamhachta, eispéireas bia agus cultúir do chuairteoirí.	2027-2029+	EP	
2.5	Eispéireas Fháinne an Chladaigh	Eispéireas Fháinne an Chladaigh a fhorbairt lena n-insítear scéal bhunús an fháinne do chuairteoirí, agus é á nascadh le scéal Chathair na Gaillimhe.	2026	FI	GTGA, EP
2.6	Spásanna Taibhithe Faoin Aer	Athbhreithniú a dhéanamh ar spásanna taibhithe & imeachta faoin aer atá ann cheana agus a d’fhéadadh a bheith ann ar fud na cathrach agus plean a fhorbairt chun iad a úsáid ó cheann ceann na bliana, agus deiseanna agus dúshláin ghaolmhara atá le tabhairt faoi a thuiscint. Cuimseofar leis an measúnú freisin spásanna nua féideartha a shainaithint agus infheistíocht i maoiniú athghiniúna uirbí a uasmhéadú, lena gcuirfear spásanna nua taibhithe faoin aer ar fáil ar fud na cathrach.	2026/2027	CCG	
2.7	Clár Féilte / Imeachtaí & Comharsanachtaí	Gnéithe de chlár féilte agus imeachtaí na Gaillimhe a óstáil i meascán de chomharsanachtaí na Gaillimhe, lena spreagfar an lucht freastail chun níos mó den chathair a thaiscéaladh, e.g. meascán de chlár féilte/imeachtaí nasctha le téama na comharsanachta, e.g. Féilte Ucailéile, Oisrí, Blas	2026-2029	EP	CCG
2.8	Ceol sa Chathair	Athbhreithniú a dhéanamh ar na riachtanais chun Conair Ceoil Thraidisiúnta agus Conair Ceoil Cathrach ó cheann ceann na bliana a chruthú i nGaillimh.	2027/2028	EP	FI
2.9	Eispéireas Mheánaoiseach na Gaillimhe	An acmhainn maidir le heispéireas cuairteora de chonair lena nasctar pointí spéise Meánaoiseacha ar fud na cathrach a scrúdú, e.g. Clocha Meánaoiseacha na Gaillimhe lena gcuimsítear Doras an Bhrúnaigh agus scéal Chlocha Meánaoiseacha na Gaillimhe i dtionscadail na ríochta poiblí amach anseo.	2029+	CCG	

Plean Gníomhaíochta

Tionscadal Catalaíoch 3 - Treoshuíomh Cinn Scríbe do Chuaireoirí

	Tionscadal	Gníomhaíocht	Am	Ceann	Comhpháirtithe
3.1	Tionscadal Baile Cinn Scríbe	An tionscadal treoshuimh do chuaireoirí faoin mBaile Cinn Scríbe a chríochnú chun músaem faoin aer a chruthú do Ghaillimh a nascann le comharsanachtaí na Gaillimhe.	2025/2026	CCG	FI
3.2	Treoshuíomh Lár na Cathrach	Clár feabhsaithe ríochta poiblí a chur i gcrích lena gcuimsítear treoshuíomh do chuaireoirí chun a chinntiú go nglacann eispéireas cuairteora ar lár na cathrach ról i scaipeadh cuairteoirí ar fud na cathrach.	2026-2030+	CCG	
3.3	Áirithiú na Cathrach do Choisithe	Na deiseanna gearrthéarmacha agus fadtéarmacha a scrúdú maidir le háirithiú do choisithe i limistéir sa chathair lena gcumasófar eispéiris nua cuairteora agus lena spreagfar scaipeadh níos fearr cuairteoirí ar fud na cathrach le linn an lae agus na hoíche. Cuimseofar leis sin áirithiú do choisithe sa tSráid Láir agus i Sráid na Croise ar bhonn lánaimseartha agus an chaoi a bhféadfadh leo cur le heispéireas cuairteora ar an gcathair a shainaithint.	2026-2030+	CCG	



Sráid na Céibhe, Gaillimh

Tionscadal Catalaíoch 3 - Treoshuíomh Cinn Scríbe do Chuaireoirí

	Tionscadal	Gníomhaíocht	Am	Ceann	Comhpháirtithe
3.4	Inrochtaineacht agus Ionchuimsiú Geilleagair Oíche	Deiseanna a fhiosrú chun oibriú i gcomhar le gnólachtaí sa Gheilleagar Oíche, agus leis na hearnálacha turasóireachta agus fáilteachais i gcoitinne, chun feasacht a mhúscailt agus bearta praiticiúla atá le glacadh ar leibhéal an ghnó a spreagadh chun inrochtaineacht agus ionchuimsiú a fheabhsú do gach cuairteoir.	2026/2027	OGO, EGO	
3.5	Suíomhanna Fáilte na Gaillimhe	Clár Fáilte na Gaillimhe a fhorbairt chun mothú níos láidre sroichte agus fáilte go Gaillimh a chinntiú ag pointí tábhachtacha sroichte agus ar an mbealach isteach sa chathair. Sainaithneofar leis an tionscadal suíomhanna tábhachtacha a bainfead leas astu chun go mothódh cuairteoirí go raibh fáilte mhór rompa chuig Cathair na Gaillimhe mar cheann scríbe idirnáisiúnta do chuaireoirí a chruthú. Déanfar an tionscadal a nasc freisin leis an mbonneagar iompair amach anseo, e.g. Stáisiún Cheannt. Beidh tionscnamh Fáilte na Gaillimhe ag teacht freisin le brandáil cinn scríbe na cathrach amach anseo.	2025-2028	IÉ	FI, CCG
3.6	Bealach Cruthaitheach & Cultúir na Gaillimhe - Conair Ealaíon agus Eolaíochta	Measúnú a dhéanamh ar na riachtanais chun conair cathrach chruthaitheach agus cultúir a chruthú atá nasctha le próifíl theicneolaíocht an leighis agus saineolais chruthaithigh i nGaillimh chun conair / eispéireas ealaíon cruthaitheach agus eolaíochta a chur ar fáil do chuaireoirí i nGaillimh.	2026/2027	FI, EP, COG	
3.7	Treoshuíomh Cinn Scríbe do Chuaireoirí	Cur chuige léarscáilithe cathrach a fhorbairt atá nasctha le branda na Gaillimhe agus an bhrandáil a chur i bhfeidhm ar gach gníomhaíocht léarscáilithe agus treoshuimh do chuaireoirí amach anseo.	2026/2027	CCG, FI	EP
3.8	Cathair Teicneolaíochta & Chliste	Athbhreithniú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na treochoimharthaíochta agus an treoshuimh atá ann faoi láthair do chuaireoirí le Google Maps agus a shainaithint an chaoi a n-imrítear tionchar ar chuaireoirí roimh a gcuaire agus i rith a gcuaire ar an gceann scríbe chun an ceantar níos leithne a thaiscéaladh.	2027/2028	CCG, FI, EP	
3.9	Oifig Eolais do Thurasóirí Chathair na Gaillimhe	Measúnú a dhéanamh ar shuíomh oiriúnach san Fhaiche Mhór le haghaidh oifig eolais do thurasóirí de chuid Discover Ireland.	2026	FI	CCG, EP

Tionscadal Catalaíoch 4 - Margadh / Halla Bia

	Tionscadal	Gníomhaíocht	Am	Ceann	Comhpháirtithe
4.1	Margadh Bia na Gaillimhe	Tacú le forbairt margaidh bia faoi dhíon a bheidh ar oscailt ó cheann ceann na bliana do Ghaillimh a fhónfaidh do mhargadh lae agus oíche.	2026/2027	EP	CCG, FI

Action Plan Plean Gníomhaíochta

Tionscadal Catalaíoch 5 - Cathair Dhátheangach

	Tionscadal	Gníomhaíocht	Am	Ceann	Comhpháirtithe
5.1	Forbairt Eispéiris Gaeltachta Cathrach	Sraith straitéisí maidir le heispéireas turasóireachta Gaeilge na Cathrach Dátheangaí a fhorbairt lena gcomhtháthaítear an Ghaeilge a thuilleadh in eispéireas cuairteora ar Chathair na Gaillimhe, agus í ag díriú go príomha ar inmharthanacht fhéile na Gaeilge a bheidh le reáchtáil mar chuid de Ghaillimh a phróifiliú mar Chathair Dhátheangach na hÉireann agus é d’acmhainn aige gnéithe chultúr beo na hÉireann a chuimsiú, agus ceol, amhráin agus damhsa agus imeachtaí bunaithe ar an teanga san áireamh.	2026/2027	GLG	FI
5.2	Eispéireas Gaeltachta Uirbí	Plean turais turasóireachta Gaeilge a fhorbairt do Chathair na Gaillimhe, mar aon le clár deireadh seachtaine Gaeilge chun an t-eispéireas Gaeltachta Uirbí a chruthú do chuairteoirí lena dtugtar an Ghaeilge, an ceol agus gníomhaíocht chultúrtha eile, e.g. Trad on the Prom (Ceol traidisiúnta ar an bpromanáid) le chéile.	2026/2027	FI	GLG, EP, TOTP
5.3	Eispéireas Cuairteora Ionaid Gaeilge	Anailís indéantachta a dhéanamh maidir le hIonad Gaeilge agus eispéireas cuairteora a fhorbairt lena ndírítear ar an nGaeilge i gCathair na Gaillimhe.	2027/2028	GLG	FI
5.4	Eispéiris Indíolta na Gaeilge	Sraith eispéiris indíolta na Gaeilge a fhorbairt, agus forbairt á déanamh ar an tionscadal Gaeilge agus Fáilte de chuid Fáilte Ireland, agus obair á déanamh ar fhorbairt eispéiris chun na heispéiris a chur ar an margadh.	2026/2027	GLG	FI



Ceol traidisiúnta na hÉireann, Taaffe’s Bar, Gaillimh

Tionscadal Catalaíoch 6 - Féilte & Imeachtaí

	Tionscadal	Gníomhaíocht	Am	Ceann	Comhpháirtithe
6.1	Straitéis Féilte agus Imeachtaí na Gaillimhe	Measúnú a dhéanamh ar thairiscint Féilte agus Imeachtaí na Gaillimhe agus réimsí féideartha borrrtha bhreise a shainaithint trí fhoireann Féilte agus Imeachtaí a chruthú i Halla na Cathrach. Cur chuige straitéiseach a ghlacadh maidir le féilte atá ann cheana i gCathair na Gaillimhe lena gcuirfear punann láidir Féilte agus Imeachtaí Rannpháirtíochta ar fáil a bheidh fréamhaithe sa cheann scríbe agus uathúil do Chathair na Gaillimhe agus, ar an gcaoi sin, féilire bharántúil ó cheann ceann na bliana (seachas mí Iúil agus mí Lúnasa) Féilte agus Imeachtaí a chruthú, agus líon beag roghnaithe mar Laochra chun aird na meán a tharraingt ar Chathair na dTreibheanna.	2026/2027	CCG	EP
6.2	Iniúchadh Féilte	Iniúchadh a dhéanamh ar gach féile i nGaillimh chun cumas, cineál, méid agus uailmhian na bhFéilte a mheas. Féilte sa ghrúpa sin a bhfuil acmhainní, cumas agus uailmhian acu le borradh a shainaithint. An acmhainn atá ann chun a chinntiú go dtarlaíonn féilte ó cheann ceann na bliana a shainaithint chun dul i ngleic le dúshláin shéasúrachta. D’fhéadfaí díriú ar imeachtaí lae atá ann cheana a fhorbairt chun iad a leathnú ina bhféilte dhá lá nó níos mó mar chuid de sin.	2026/2027	CCG	FI
6.3	Ionad Féilte ó Cheann Ceann na Bliana	An deis a bhaineann le Féile Ealaíon Idirnáisiúnta na Gaillimhe do Chathair na Gaillimhe a uasmhéadú trí ionad sárthaispeántais oiriúnach don imeacht a shainaithint / a fhorbairt mar chuid den staidreamh scóipe ar an mbonneagar cultúrtha atá ann faoi láthair i gCathair na Gaillimhe. Leas a bhaint as an deis a bhaineann le próifíl turasóireachta idirnáisiúnta agus náisiúnta a sholáthraíonn Féile Ealaíon Idirnáisiúnta na Gaillimhe agus ionad oiriúnach a bhunú mar thairiscint atá in ann imeachtaí a óstáil ó cheann ceann na bliana.	2027-2029+	CCG	FI, EP
6.4	An Nollaig i nGaillimh	Acmhainneacht an chinn scríbe a fhorbairt chun borradh a chur faoi chlár na Nollag i nGaillimh agus chun luach an imeachta a uasmhéadú tríd an réimse rudaí atá le déanamh agus le feiceáil a mhéadú chun Gaillimh a bhunú mar cheann scríbe na Nollag d’Éirinn.	2026/2027	CCG	FI
6.5	Rásaí na Gaillimhe agus Rannpháirtíocht Chathrach	Clár rannpháirtíochta bliantúil cathrach / comharsanachta a chur ar fáil atá dírithe ar Fhéile Rásaí na Gaillimhe chun nasc idir an t-imeacht agus an chathair a chinntiú.	2026/2027	EP, RG	FI, AGS, LCG
6.6	Imeachtaí Seachbhuaice	An deis atá ann d’imeacht seachbhuaice i nGaillimh a uasmhéadú trí bhéim pacáistíochta maidir le himeachtaí san idirshéasúr, e.g. Rugbaí Chonnacht, Cruinnithe na Rásaí, CLG, Galway United, Margadh na Nollag, Féile Fuirseoireachta ar na Boinn, Blas, Tonnta.	2026/2027	RG, EP, RC	FI, CCG

Action Plan Plean Gníomhaíochta

Tionscadal Catalaíoch 6 - Féilte & Imeachtaí

	Tionscadal	Gníomhaíocht	Am	Ceann	Comhpháirtithe
6.7	Saoirí Bainc na Gaillimhe	Cur chuige straitéiseach a cheapadh chun borradh a chur faoi úinéireacht an chinn scríbe ar fhéilire na saoirí bainc lena ndéanfaidh cuairteoirí idirnáisiúnta agus náisiúnta an Ghaillimh a mheas mar cheann scríbe le haghaidh deiridh seachtaine saoire bainc. Leis an gcur chuige forbartha saoirí bainc, díreofar ar chlú na Gaillimhe mar mhórchéann scríbe saoire bainc a chosaint trí níos mó rudaí a sholáthar do chuairteoirí le déanamh agus le feiceáil le linn na dtréimhsí sin.	2027/2028	LCG	FI
6.8	Féilte Faoin Aer / Gníomhacha	Féilte sa ghrúpa Faoin Aer Gníomhach a fhorbairt – agus aird ar leith á díriú ar snámh farraige, rámhaíocht, seoltóireacht agus cadhcáil. Cabhróidh sé sin leis an tírdhreach nádúrtha (e.g. an t-imeallbhord agus uiscebhealaí) trí tháirgí turasoíreachta inbhuanaithe a thairiscint ó cheann ceann na bliana.	2026/2027	EP	CCG, FI, CB



Tionscadal Catalaíoch 7 - Ionad Cultúrtha / Croílár Ealaíon

	Tionscadal	Gníomhaíocht	Am	Ceann	Comhpháirtithe
7.1	Ionad Cultúrtha Cathrach	Staidreamh scóipe a dhéanamh ar an mbonneagar cultúrtha atá ann cheana i gCathair na Gaillimhe agus anailís indéantachta a dhéanamh ina dhiaidh sin ar Ionad Cathrach agus Cultúrtha do Chathair na Gaillimhe.	2026/2027	CCG	
7.2	Bóthar na gCeannaithe	Eispéireas cultúrtha nua a chur ar fáil san ionad atá beartaithe mar chuid d’fhorbairt Bhóthar na gCeannaithe Íochtarach.	2025-2028	CCG	
7.3	Sráid Dhoiminic	Bonneagar cultúrtha nua a chomhtháthú i mBealach Cruthaitheach agus Cultúir na Gaillimhe atá beartaithe ar fud na cathrach chun doimhneacht na sócmhainní cultúrtha atá ar fáil do chuairteoirí le linn an lae agus an tráthnóna a léiriú.	2025-2028	CCG	
7.4	Amharclann ‘Mansa’ Oileán Altanach	An bonneagar cultúrtha a chur ar fáil ag Amharclann Oileán Altanach ar Oileán Altanach.	2027-2030+	CCG	
7.5	Ionaid Chultúrtha na Gaillimhe	Clársceidealú ó cheann ceann na bliana ar fud ionaid chultúrtha na Gaillimhe agus deiseanna chun imeachtaí agus taibhithe cultúir a chur le chéile le linn tréimhsí seachbhuaice a chomhordú agus a chur chun cinn.	2026/2027	ICG, CCG	FI, EP



Action Plan Plean Gníomhaíochta

Tionscadal Catalaíoch 8 - Eispéireas Uiscí na Gaillimhe

	Tionscadal	Gníomhaíocht	Am	Ceann	Comhpháirtithe
8.1	Leisureland	Creat a chur ar fáil le haghaidh Leisureland agus Páirc Bhóthar na Trá lena n-uasmhéadófar an acmhainn a bhaineann leis don phobal áitiúil agus lena meallfar cuairteoirí go Gaillimh ó cheann ceann na bliana agus Fís a fhorbairt lena gcuirfear bonn ar fáil don mháistirphleanáil amach anseo.	2026/2027	CCG	SBT
8.2	Ceapadh Físe le haghaidh Leisureland	Fís turasóireachta inbhuanaithe a fhorbairt le haghaidh Leisureland agus Páirc Bhóthar na Trá chun a n-acmhainn don phobal áitiúil a uasmhéadú agus chun cuairteoirí a mhealladh go Gaillimh ó cheann ceann na bliana. Leis an bhfís sin, cuirfear leis an máistirphleanáil agus an creat níos leithne maidir le Creatphlean Shráidbhaile agus Chladach Bhóthar na Trá agus scrúdófar é i gcomhthéacs a róil in PFCSE na Gaillimhe.	2026/2027	CCG	FI, SBT
8.3	Eispéireas Cuairteora ar Shráidbhaile Bhóthar na Trá	Máistirphlean Shráidbhaile agus Chladach Bhóthar na Trá a dhéanamh lena leagfar amach creat físe chun tionscadail agus tionscnaimh atá beartaithe agus atá le teacht i mBóthar na Trá a threorú, lena gcuimseofar cosaint ar thuilte agus feabhsuithe promanáide, bainistiú tráchta agus páirceála, linnte taoide, athfhorbairt Leisureland agus Pháirc Bhóthar na Trá, cothabháil Thúr na Carraige Duibhe agus tionscadail féideartha eile chun cur chuige comhtháite straitéiseach a chinntiú lena bhforbrófar uathúlacht Bhóthar na Trá agus lena gcuirfear le heispéireas feabhsaithe cuairteora.	2026/2027	CCG	
8.4	Eispéireas Uisce na Gaillimhe, Ardán Fáis 2 - Ionaid Áiseanna do Ghníomhaíochtaí Spóirt Uisce	An deis a bhaineann leis an scéim Ardán Fáis 2 - Ionaid Áiseanna do Ghníomhaíochtaí Spóirt Uisce agus an acmhainn atá ag Abhainn na Gaillimhe Thír Oileán - Áiseanna Abhann agus an pontún ar snámh agus rochtain trí chraobh-abhainn ar Abhainn na Gaillimhe a uasmhéadú mar chatalaíoch chun eispéiris uisce Ghormbhealach Chathair na Gaillimhe a fhorbairt.	2027/2028	CCG, EP	FI
8.5	Gormbhealach Chathair na Gaillimhe	Tús a chur leis an bpróiseas creidiúnaithe Gormbhealaigh do Ghormbhealach Chathair na Gaillimhe bunaithe ar an anailís indéantachta agus roinnt faighneog / mol Gormbhealaigh a fhorbairt feadh an chórais uiscebhealaigh i gCathair na Gaillimhe, lena gcuimsítear Abhainn na Gaillimhe, suíomhanna sainaitheanta ar Loch Coirib, an líonra canálacha, agus abhantrach an Chladaigh.	2026 /2028	CCG	
8.6	Uiscedhreacha & Spásanna Gorma na Gaillimhe	Indéantacht Chonair Uisce na Gaillimhe lena nascfar Bóthar na Trá, Cuan na Gaillimhe, Abhainn na Gaillimhe agus Gormbhealach Chathair na Gaillimhe a scrúdú. Cuimseofar leis sin scrúdú a dhéanamh ar chonair léirmhínithe éiceathurasóireachta lena dtugtar scéal muirí na Gaillimhe le chéile agus lena bhforbraítear finscéalta eispéireas Chonair Abhainn na Gaillimhe.	2028	FI, CCG	

Tionscadal Catalaíoch 8 - Eispéireas Uiscí na Gaillimhe

	Tionscadal	Gníomhaíocht	Am	Ceann	Comhpháirtithe
8.7	Tránna Brait Ghoirm	Dámhachtana Brait Ghoirm thránna Bhóthar na Trá agus Thrá na gCeann a chosaint agus clár oibreacha a chur i gcrích chun stádas Brait Ghoirm a bhaint amach ag Baile an Locháin chun cuidiú le próifíl idirnáisiúnta na Gaillimhe mar chathair a bhfuil rochtain éasca aici ar ghníomhaíochtaí cósta a fhorbairt.	2025/2026	CCG	
8.8	Linn Snámha Faoin Aer Bhóthar na Trá - Linn Taoide	Na riachtanais chun linn snámha faoin aer a fhorbairt i mBóthar na Trá a scrúdú bunaithe ar anailís indéantachta tionscadail.	2029+	CCG	



Action Plan Plean Gníomhaíochta

Tionscadal Cumasaithe 1 - Eispéiris Indíolta na Gaillimhe

	Tionscadal	Gníomhaíocht	Am	Ceann	Comhpháirtithe
9.1	Forbairt Eispéireas Indíolta	Clár forbartha eispéireas indíolta a chur ar fáil do Chathair na Gaillimhe chun borradh a chur faoin réimse rudaí le déanamh agus le feiceáil ar fud na gcolún forbartha straitéisí in PFCSE Chathair na Gaillimhe. I measc na réimsí atá le díriú orthu láithreach tá uathúlacht scéal Threibheanna na Gaillimhe a fhorbairt mar bhonn don fhorbairt eispéiris; an Ghaeilge, an mhuir, bia, ealaíona/cultúr, oibriú leis an earnáil chruthaitheach agus eispéiris uathúla comharsanachta na Gaillimhe.	2026/2027	FI	EP
9.2	Forbairt eispéireas inrochtana turasóireachta	Measúnú a dhéanamh ar eispéiris atá ann faoi láthair do chuairteoir chun inrochtaineacht eispéiris na gcuairteoirí ar an nGaillimh a fheabhsú ar fud na nithe is díol spéise agus na ngníomhaíochtaí. Cuimseofar moltaí leis sin maidir le forbairt eispéiris amach anseo agus a chinntiú gur gné lárnach í an inrochtaineacht san fhorbairt cinn scríbe agus eispéiris amach anseo.	2026/2027	EP	FI
9.3	Turasóireacht inrochtana sa Cheann Thiar	Tacú le tionscadal Turasóireachta Ionchuimsithí an Chinn Thiar a chur i gcrích i gcomhar le Galway Autism Partnership (Comhpháirtíocht Uathachais na Gaillimhe). Bunaithe ar an méid a foghlaimíodh ón tionscadal, scrúdú a dhéanamh ar bhealaí chun tionchar an tionscadail agus tionscnamh eile turasóireachta inrochtana a leathnú.	2026	TCT	FI



Canail Eglinton, West End, Gaillimh

Tionscadal Cumasaithe 2 - Tionscal Turasóireachta & Forbairt Líonraí

	Tionscadal	Gníomhaíocht	Am	Ceann	Comhpháirtithe
10.1	Forbairt Tionscail	Clár fothaithe cumais a dhéanamh lena ndíreofar ar bhorradh a chur faoi láithreach ar líne agus cumais dhigiteacha thionscail turasóireachta na Gaillimhe.	2026/2027	FI	
10.2	Lucht Cruthaitheachta Turasóireachta	Clár Fiontraíochta Turasóireachta a chur ar fáil don phobal ealaíon agus cultúir chun feasacht a mhéadú ar dheis na turasóireachta i measc phobal cultúrtha na Gaillimhe.	2026/2027	FI	CE, CCG
10.3	Branda na Gaillimhe	Clár gníomhachtaíthe branda a fhorbairt chun clár branda cinn scríbe a fhorbairt agus a chur chun feidhme arna thacú ag forbairt ábhair, gníomhachtú branda agus infheistiú san oiliúint.	2026/2027	CCG	FI, EP
10.4	Eispéiris Teaghlach na Gaillimhe	Cumais an tionscail turasóireachta a fhorbairt chun eispéiris a dhíríonn ar theaghlach a fhorbairt agus an chaoi ar féidir leis an gcathair agus leis an gcontae teacht le chéile i réimsí ar nós gníomhaíochtaí faoin aer agus deiseanna a chuirtear ar fáil le hinfheistiú sa Ghormbhealach agus sa Ghleasbhealach a shainaithint.	2025-2028	FI	EP
10.5	Luach na Turasóireachta Cúrsála a Mhéadú	An tionscal turasóireachta a ullmhú chun an deis a bhaineann le borradh féideartha ar ghnó na long chúrsála a uasmhéadú agus borradh a chur faoi luach eacnamaíoch na gcuairteanna cúrsála don cheann scríbe.	2027/2028	CG	FI



Margadh Nollag na Gaillimhe



Atlantaquaria na Gaillimhe

Action Plan Plean Gníomhaíochta

Tionscadal Cumasaithe 3 - Ceann Scríbe Bia na Gaillimhe

	Tionscadal	Gníomhaíocht	Am	Ceann	Comhpháirtithe
11.1	Bia na Gaillimhe mar chuid den Phlean Turasóireachta	Plean maidir le bia sa turasóireacht a fhorbairt do Chathair na Gaillimhe mar aon le plean gníomhaíochta cúig bliana chun borradh a chur faoi phróifil na cathrach mar cheann scríbe bia náisiúnta.	2026/2027	FI, BLAS	CCG, FI, EP
11.2	Bia sa Turasóireacht - Cathair Bia Mara	An deis a scrúdú chun Cathair na Gaillimhe a fhorbairt mar Chathair Eispéireas Bia Mara a dtugtar beocht dó le clár tionscnamh tacaíochta ó sheachtainí bia, tionchar Fhéile na nOisrí a threisiú, deiridh seachtaine tiomanta bia agus béim a leagan ar phearsantachtaí bia na Gaillimhe.	2027/2028	FI, EP, BLAS, BIM	CCG, FI, EP
11.3	Réigiún Gastranamaíochta	An deis a scrúdú a bhaineann le tionchar ainmniú European Regions of Gastronomy (Réigiúin Eorpacha na Gastranamaíochta) don Ghaillimh a threisiú agus an chaoi chun an t-ainmniú sin a uasmhéadú le gníomhaíocht amach anseo maidir le bia sa turasóireacht.	2026/2027	CTG, OTA	FI, CCG



Turais Bia na Gaillimhe, McCambridge’s, Sráid na Siopaí



Kai, Bóthar na Mara

Tionscadal Cumasaithe 4 - Gníomhaíochtaí Uirbeacha Glasa agus Gorma

	Tionscadal	Gníomhaíocht	Am	Ceann	Comhpháirtithe
12.1	Glasbhealach Chonamara (Gaillimh go dtí an Clochán)	Tacú le forbairt inbhuanaithe Ghlasbhealach Chonamara ón nGaillimh go dtí an Clochán agus an deis ghaolmhar turasóireachta don chathair agus do phobail feadh an bhealaigh a uasmhéadú trí fhothú cumais. Ba cheart go gcuimseofaí Campas Ollscoil na Gaillimhe agus na seandroichid iarnróid ag Barr an Chalaigh leis an rogha bealaigh / bealach a roghnófar.	2027/2028	CCG	TII
12.2	Tús na Siúlóidí Chonairí Glasbhealaigh	Tacú le forbairt inbhuanaithe Phlean Eispéiris Thús na Siúlóide Chonair Glasbhealaigh na Gaillimhe le haghaidh Bharr an Chalaigh agus naisc amach anseo leis an gCeann Thiar chun scaipeadh níos leithne d’úsáideoirí an Ghlasbhealaigh ar fud na cathrach a chinntiú.	2027/2028	FI	CCG
12.3	Spásanna Glasa Uirbeacha na Gaillimhe	Tacú le forbairt inbhuanaithe na Straitéise um Spásanna Glasa Chathair na Gaillimhe lena ndéanfar acmhainn turasóireachta na bpáirceanna poiblí agus a n-acmhainneacht chun spásanna breise a chur ar fáil amach anseo d’imeachtaí nó do thaibhithe agus a bheith ina gcuid d’eispéireas teaghlaigh ar Chathair na Gaillimhe a fhorbairt.	2027/2028	CCG	
12.4	Straitéis um Ríocht Phoiblí	Tacú le forbairt inbhuanaithe na Straitéise um Ríocht Phoiblí Chathair na Gaillimhe chun treoshuíomh agus treochoimharthaíocht sa chathair do chuairteoirí a chuimsiú. Branda na Gaillimhe a chuimsiú in aon fhorbairt.	2026+	CCG	
12.5	Slite Rothar & Taisteal Gníomhach na Gaillimhe	Tacú le forbairt inbhuanaithe líonra na Slite Rothar Uirbeacha agus toradh na nasc idir Glasbhealach Chonamara (an Ghaillimh go dtí an Clochán) agus an Glasbhealach atá beartaithe idir Áth Luain agus Gaillimh a threisiú trí infheistiú sa Taisteal Gníomhach chun borradh a chur faoin líon rotharbhealaí sa chathair agus rochtain fheabhsaithe ar bhealach EuroVelo 1.	2029+	CCG	
12.6	Treoshuíomh Siúil & Rothaíochta	Staidéar a dhéanamh ar an mbonneagar treoshuímh siúil agus rothaíochta atá ann cheana i gCathair na Gaillimhe agus i mBóthar na Trá. Beidh cur chuige molta chun treoshuíomh do chuairteoirí timpeall na cathrach a fheabhsú trí roghanna siúil agus rothaíochta san áireamh leis na haschuir.	2027	CCG	
12.7	Forbairt Fiontraíochta Turasóireachta	Oibriú le gníomhaireachtaí oideachais agus oiliúna chun fiontraíocht turasóireachta a spreagadh san earnáil gníomhaíochtaí lenar féidir beocht a thabhairt d’infheistiócht amach anseo ar fud na cathrach, e.g. Gormbhealaí, Glasbhealaí agus eispéiris gníomhaíochta nua do Chathair na Gaillimhe.	2027/2028	CCG, FI	

Action Plan Plean Gníomhaíochta

Tionscadal Cumasaithe 4 - Gníomhaíochtaí Uirbeacha Glasa agus Gorma

	Tionscadal	Gníomhaíocht	Am	Ceann	Comhpháirtithe
12.8	Eispéireas Húicéar na Gaillimhe	Na riachtanais a scrúdú chun eispéireas cuairteora réidh don mhargadh a fhorbairt chun scéal Húicéar na Gaillimhe agus a n-athdheisiú mar thionscadal pobail / inbhuanaitheachta a insint.	2026	GHSC	FI, CG
12.9	Conair Chósta Shlí an Atlantaigh Fhiáin	Measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a gcomhtháthófar tionscadail bhonneagair atá ann cheana agus atá beartaithe don Ghlasbhealach, Gormbhealach agus siúl / rothaíocht i nGaillimh agus i mBóthar na Trá le Conair Chósta Shlí an Atlantaigh Fhiáin atá beartaithe.	2026	FI	
12.10	Bonneagar Conaire	Measúnú a dhéanamh ar an deis chun bonneagar gníomhaíochta talún agus conaire a fhorbairt thart ar láithreán tógála na nOibreacha Uisce agus iad a nascadh leis na Caisleáin (Caisleán Mhionlaigh agus Caisleán Thír Oileáin). Fiosrófar leis an measúnú sin freisin Páirc Fhoraoise Thír Oileáin atá beartaithe a nascadh leis an gCathair.	2027+	CCG	Coillte



An Prom, Bóthar na Trá

Tionscadal Cumasaithe 5 - Lóistín

	Tionscadal	Gníomhaíocht	Am	Ceann	Comhpháirtithe
13.1	Forbairt Lóistín	Tacú le lóistín inbhuanaithe agus an bonneagar gaolmhar ríthábhachtach a fhorbairt ar fud na cathrach agus infheistíocht infheisteoirí príobháideacha a mhealladh go Cathair na Gaillimhe chun leibhéil lóistín atá ann faoi láthair a mhéadú.	2026-2030+	CCG	FI
13.2	Áiseanna Veaineanna Campála	Measúnú indéantachta a dhéanamh maidir le Aire de Service a chur ar fáil i gCathair na Gaillimhe chun freastal ar pháirceáil veaineanna campála/feithiclí campála. Ba cheart go scrúdófaí leis an measúnú sin na deiseanna gearrthéarmacha agus fadtéarmacha agus an rannpháirtíocht le húinéirí na láithreán ar fud na cathrach chun deiseanna gearrthéarmacha a shainaitheint.	2025-2028	CCG	



Wildlands, Maigh Cuilinn

Action Plan Plean Gníomhaíochta

Tionscadal Cumasaithe 6 - Imeachtaí Gnó

	Tionscadal	Gníomhaíocht	Am	Ceann	Comhpháirtithe
14.1	Earnálacha Imeachtaí Gnó	Líonraí de bhraislí earnála agus ardáin comhpháirtithe tionscail a fhorbairt chun comhdhálacha a mhealladh agus chun comhroinnt eolais agus nuálaíochta a éascú, agus rochtain a sholáthar ar cheannairí tuairime, cainteoirí, agus deiseanna ócáide eile.	2026-2030+	FI	GCB
14.2	Staid Dexcom ag Rugbaí Chonnacht	Tacú le forbairt Staid Dexcom agus le hinfheistiú leanúnach inti mar ionad imeachtaí gnó, chun a hacmhainn a uasmhéadú maidir le himeachtaí gnó a mhealladh agus a óstáil a mbeidh tionchar mór acu ar an gCathair.	2026+	RC	GCB, FI
14.3	Imeachtaí Gnó - Le Cois na Turasóireachta	An Ghaillimh a shuí mar cheannaire in óstáil imeachtaí gnó a bhfuil tionchar mór acu, agus luach na n-imeachtaí gnó a shaothrú don turasóireacht agus le cois na turasóireachta, agus tairbhí a bhaint amach don Ghaillimh mar phobal, rud a chinnteoidh tionchaír dhearfacha dár bpobail áitiúla agus tairbhí oidhreachta fadtéarmacha do na comharghnónna earnála a ghlacann páirt. Pobail áitiúla a nascadh le toscairí agus eagraithe imeachtaí gnó atá ag lorg deiseanna chun rannchuidiú go dearfach leis an tsochaí.	2026-2030+	FI	GCB
14.4	Ionad Itheacháin Mór/ Imeachtaí Gnó	An deis turasóireachta gnó a uasmhéadú do Ghaillimh a bhaineann le hinfheistíocht amach anseo in ionaid itheacháin móra ar nós Chaisleán Bhaile Chláir agus Eaglais Cholaísteach San Nioclás, agus feabhsú na Gaillimhe mar cheann scríbe imeachtaí gnó.	2027-2029+	CBC, ECSN	GCB
14.5	Luach Imeachtaí Gnó	Toradh imeachtaí gnó a threisiú chun cuspóirí réigiúnacha agus séasúrachta a bhaint amach. Borradh a chur faoin líon imeachtaí gnó a óstáiltear i nGaillimh, agus tús áite á thabhairt do shamhail luacha seachas méide agus fad cuairte sínithe á gcur chun cinn.	2026-2030+	FI	GCB
14.6	Sárthaispeántas Imeachtaí Gnó	Toradh Comhdháil AIPCO a threisiú mar shárthaispeántas le haghaidh forbairt imeachtaí gnó i nGaillimh.	2026-2030+	GCB	FI

Tionscadal Cumasaithe 7 - Turasóireacht Inbhuanaithe

	Tionscadal	Gníomhaíocht	Am	Ceann	Comhpháirtithe
15.1	Ceann Scríbe Inbhuanaithe na Gaillimhe	Plean Gníomhaíochta Chathair na Gaillimhe ar son na hAeráide a chur i gcrích agus oibriú i gcomhar leis an tionscal chun gealltanas comhchoiteann a dhéanamh maidir le Gaillimh a fhorbairt mar cheann scríbe cathrach inbhuanaithe agus oibriú le comhpháirtithe chun Scéim Dearbhaithe Deimhnithe Uile-Éireann a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach.	2026/2027	CCG, FI, EP	CTG
15.2	Tionscadail Comhshaoil agus Bithéagsúlachta Bhóthar na Trá	Cleachtadh scóipe a dhéanamh chun tionscadail féideartha a fhiosrú le cuimsiú i dtionscadal Comhshaoil agus Bithéagsúlachta Bhóthar na Trá. Cuimseofar leis sin measúnú a dhéanamh ar acmhainn do thionscadail ar nós Cóstaí Glana, Tionscadail Dhumhcha, tionscadail bithéagsúlachta talún agus oibriú i gcomhar ar thionscadail ar nós Atlantaquaria, Galway Convention Bureau agus Foras na Mara.	2026-2029	CCG	FI, GCB, FM
15.3	Comhpháirtíocht faireachlainne turasóireachta inbhuanaithe	An deis a fhiosrú chun comhpháirtíocht faireachlainne turasóireachta inbhuanaithe a chruthú trí oibriú le coláistí tríú leibhéal chun stór eolais faoi chuairteoirí a fhorbairt a d'fhéadfadh a bheith ina bhonn eolais le haghaidh forbairt turasóireachta inbhuanaithe.	2026-2029	CCG	OG, OTA
15.4	Mol Bithéagsúlachta	Measúnú a dhéanamh ar an staidéar indéantachta maidir le Mol Bithéagsúlachta a chur ar fáil sa Chathair nó i mBóthar na Trá chun oideachas a thabhairt agus feachtas a mhúscailt maidir le Réitigh Dúlabhunaithe atá i bhfeidhm ag an gceann scríbe.	2026-2029	CCG	FI
15.5	Siúlóidí Bithéagsúlachta	An tsraith Siúlóidí Bithéagsúlachta atá ar fáil sa Chathair a leathnú agus a chosaint, go háirithe feadh Chanálacha Eglinton agus shuíomhanna cósta, agus machnamh cúramach á dhéanamh gan cur isteach ar an bhfiadhúlra ná ar an bhfána.	2026-2029	CCG	FI
15.6	Tionscnaimh Inbhuanaitheachta	Ceannach isteach ó ghnólaigh turasóireachta agus fáilteachais a spreagadh maidir leis an scéim éarlaise Cupáin Caife atá i bhfeidhm sa Chathair chun cáil na Cathrach mar cheann scríbe inbhuanaithe a fheabhsú.	2026-2029	CCG	FI, CTG
15.7	Tionscnaimh Inbhuanaithe Imeachtaí Gnó	Deiseanna a fhiosrú chun cláir do thoscairí imeachtaí gnó chuig an gcathair a shlógadh chun rannchuidiú le comhshaoil/bithéagsúlacht an chinn scríbe trí ghníomhaíochtaí ar nós glantacháin chósta, piocadh bruscair, cur crann, léarscáiliú leapacha féir mara, ceardlanna bosca fainleog/gabhlán gaoithe, etc.	2026-2029	CCG	FI, GCB

Action Plan Plean Gníomhaíochta

Tionscadal Catalaíoch 8 - Eispéireas Uiscí na Gaillimhe

	Tionscadal	Gníomhaíocht	Am	Ceann	Comhpháirtithe
15.8	Straitéis Iompair na Cathrach	An tAthbhreithniú ar Iompar na Cathrach a chríochnú chun acmhainn na rochtana méadaithe ar iompar poiblí a uasmhéadú amach anseo, e.g. BusConnects, Stáisiún Ceannt, an Busáras agus roghanna iompair inbhuanaithe timpeall na cathrach, e.g. rothaíocht. Le Straitéis Iompair na Cathrach déanfar na riachtanais fhadtéarmacha a scrúdú freisin chun brúnna tráchta timpeall na cathrach agus an tionchar diúltach féideartha atá aige ar eispéireas an chuairteora a mhaolú.	2026-2029	CCG, ÚNI	
15.9	Páirceáil agus Taisteal na Cathrach	Athbhreithniú a dhéanamh ar fhorbairt na Páirceála agus Taistil mar rogha inmharthana do chuairteoirí agus mar rogha mhalartach iompair don phobal áitiúil.	2026-2029	CCG	
15.10	Eispéiris Indíolta Inbhuanaithe	Eispéiris indíolta inbhuanaithe a bhaineann leis an turasóireacht agus an bhithéagsúlacht a chur ar fáil do Chathair na Gaillimhe.	2026+	EP	FI



An Fhaiche Mhór

Tionscadail Cinn Scríbe

	Tionscadal	Gníomhaíocht	Am	Ceann	Comhpháirtithe
16.1	Measúnú ar Shoghluaiseacht Cuairteoirí	Na córais faisnéise iompair atá ann faoi láthair a athbhreithniú chun measúnú a dhéanamh ar na bearnaí atá ann faoi láthair maidir leis an gcaoi a gcuirtear faisnéis i láthair do chuairteoirí. Córas faisnéise iompair inléite a chur ar fáil lena dtuigeann an cuairteoir an chaoi a n-oibríonn an t-iompar poiblí le chéile agus nascacht a chur chun cinn ar fud na cathrach agus rochtain ar iarnród a nascadh le moil bus nua ar fud an chinn scríbe.	2027/2028	ÚNI	FI
16.2	Deis Turasóireachta Chalafort na Gaillimhe	Tacú leis an deis turasóireachta fhadtéarmach a bhaineann le Céimeanna a hAon go dtí a Ceathair de Thionscadal Athghiniúna Chalafort na Gaillimhe ón gCuan Laistigh go dtí an Cuan Lasmuigh. Ullmhú don deis ghearrthéarmach a bhaineann le hathshamhlú na nDugaí Laistigh chun a bheith ina n-abhantrach do ghníomhaíochtaí uisce agus le pleananna chun spásanna cultúrtha agus margaí bia a chuimsiú amach anseo. Tá míntíriúchán talún 23.89 heicteár i gceist leis an iarratas pleanála ar Chalafort Nua na Gaillimhe atá beartaithe. Sínfídh an fhorbairt 935 méadar amach san fharraige, lena gcuirfear 660 méadar beart cé ar fáil go doimhneacht -12 méadar tagra cairte (T.G.), arna fónamh ag doimhneacht cainéil -8 méadar T.G.. Tá 4 chéim i gceist leis an bhforbairt: Céim 1 - Míntíriúchán talún 19.86 heicteár ar limistéir na Cé agus ar thalamh chúltaca lena n-éascófar gníomhaíochtaí fóillíochta mara. Céim 2 - Bunda míntíriúcháin a fhoirmiú lena mbeifear in ann míntíriúchán talún 3.21 heicteár ar thalamh chúltaca bhreise a dhéanamh. Céim 3 - Míntíriúchán talún 3.21 heicteár ar thalamh chúltaca, agus 0.7 heicteár mar ché iascaireachta agus limistéir fánáin. Céim 4 - An Mhuiríne Thiar a chur ar fáil ina mbeidh 216 beart agus 12 beart de mhéid Volvo.	2027-2029+	CG	
16.3	Suíomhanna Deise Turasóireachta	Athbhreithniú a dhéanamh ar shuíomhanna deise féideartha i gCathair na Gaillimhe a bhfuil sé d’acmhainneacht acu a bheith ina suíomhanna le haghaidh tionscadail turasóireachta féideartha, idir lóistín agus nithe is díol spéise do chuairteoirí.	2025-2028	CCG	FI
16.4	Cumasóir Pobail don Turasóireacht	Cláir agus tionscnaimh saoránach gníomhach/oibrithe deonacha a bhunú chun tacú le forbairtí turasóireachta i gCathair na Gaillimhe.	2026+	CODG	FI



Toscairí ag baint taitnímh as sos cathrach, Cathair na Gaillimhe

Ár gComhpháirtithe

Tábla Acrainmneacha	
CE	An Chomhairle Ealaíon
AGS	An Garda Síochána
AIPCO	Association of Irish Professional Conference Organisers (Cumann Eagraithe Comhdhálacha Gairmiúla na hÉireann)
OTA	Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh
BNG	Blas na Gaillimhe
CB	Corrib Beo
CBC	Caisleán Bhaile Chláir
CCG	Comhairle Cathrach na Gaillimhe
RC	Rugbaí Chonnacht
COG	CÚRAM, Ollscoil na Gaillimhe
FI	Fáilte Ireland
FOTE	Food on the Edge (Bia ar an Imeach)
GCB	Galway Convention Bureau (Biúró Comhdhálacha na Gaillimhe)
CTG	Comhlachas Tráchtála na Gaillimhe
ICG	Ionaid Chultúrtha na Gaillimhe
GHSC	Galway Hooker Sailing Club (Club Seoltóireachta Húicéar na Gaillimhe)
GIAF	Féile Ealaíon Idirnáisiúnta na Gaillimhe
GLG	Gaillimh le Gaeilge
MCG	Músaem Cathrach na Gaillimhe
BOOGRC	Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
LCG	Líonraí Comharsanachtaí na Gaillimhe

Tábla Acrainmneacha	
CG	Calafort na Gaillimhe
RG	Ráschúrsa na Gaillimhe
GTGA	Galway Tour Guides Association (Cumann Treoraithe Turais na Gaillimhe)
CODG	Clár Oibrithe Deonacha na Gaillimhe
IHF	Irish Hotels Federation (Cónaidhm Óstán na hÉireann)
IÉ	Iarnród Éireann
OFÁ	Oifig Fiontair Áitiúil
CL	Ceathrú Laidineach
MAC	Macnas
MFG	Music for Galway (Ceol don Ghaillimh)
FM	Foras na Mara
ÚNI	An tÚdarás Náisiúnta Iompair
OGO	Oifigeach Geilleagair Oíche
EGO	Earnáil Geilleagair Oíche
EP	Earnáil Phríobháideach
ECSN	Eaglais Choláisteach San Nioclás
SBT	The Village, Salthill (Sráidbhaile Bhóthar na Trá)
TII	Bonneagar Iompair Éireann
TOTP	Trad on the Prom (Ceol Traidisiúnta ar an bPromanáid)
OG	Ollscoil na Gaillimhe
TCT	Trádálaithe an Chinn Thiar
WE	West End